# Sraitheanna Cúla4

# 2026

## An dáta deiridh d'iarratais: 14:00 an 21 Lúnasa 2026

**Tá córas coimisiúnaithe nua i bhfeidhm ag TG4 – TG4 eCoimisiúin. Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit clárú ar an gcóras nua** https://ecoimisiuin.tg4.ie/

**SRAITH 13 CLÁR**

Le craoladh: Ar **Cúla4.com** nó **YouTube Cúla4**
(agus i rith na seachtaine ar chainéal Cúla4)

Aoisghrúpa: 9 – 12 bliana nó Aoisghrúpa 6 – 9 mbliana

Tá Cúla4 ag lorg ábhar Beoghnímh nó formáid mheasctha a mheallfadh lucht féachana óg chuig Cúla4. Ábhar tarraingteach agus spraíúil atá á lorg atá dírithe ar spéiseanna agus caithimh aimsire an lucht féachana seo agus ina dtugtar deis don lucht féachana daoine a n-aois féin a fheiceáil ar an scáileán**.** Ábhar comhaimseartha, a bhfuil glór láidir Gaelach aige agus a sheasann amach sna roghanna fairsinge trasardáin digiteach atá ag gasúir sa lá atá inniu ann. Cuirfear fáilte roimh ábhar grinn, siamsaíochta nó ábhar a spreagfaidh an fhoghlaim. Ba mhaith linn ardán a thabhairt do thallann, carachtair nó páistí a mheallfaidh an lucht féachana óg agus a chuirfeadh ag smaoineamh iad.

Beidh tús le cur leis an obair léirithe ar an tsraith i mbliana.
An Líon Clár: 13 Clár
Fad na gClár: 25 nóiméad
An Buiséad atá ar fáil : €357,500 don tsraith

Ní dhéanfar measúnú ar thograí mura bhfuil buiséad (ar teimpléad Buiséad TG4) & plean airgeadais mionsonraithe leo.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Méabh Fields (meabh.fields@tg4.ie) le haon cheisteanna roimh an 7 Lúnasa.

## Eolas Eile d'Iarrthóirí

Ní mór gach togra a chur ar aghaidh go leictreonach chuig TG4. Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin a chinntiú ar dtús go bhfuil siad cláraithe ar ár gcóras eCoimisiúin https://ecoimisiuin.tg4.ie/

Ina dhiaidh sin ba chóir iarratais a uaslódáil roimh an spriocdháta trí '**Sraitheanna Cúla4 2026**' a roghnú ón roghchlár anuas.

Cuirfear in iúl duit, go huathoibríoch, nuair a bheidh do thogra curtha ar aghaidh. Ní ghlacfar le tograí nuair a bheidh an spriocdháta deiridh atá tugtha caite.

Is féidir ceist ar bith faoin mbabhta seo agus faoi oiriúnacht an tionscadail a sheoladh chuig Caithríona Ní Churraoin caithriona.nichurraoin@tg4.ie

*Glacfar le hiarratais ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir gach dualgas reachtúil ábhartha.*

Níl sé d'oibleagáid ar TG4 glacadh leis an iarratas ar an bpraghas is ísle, ná le haon iarratas.

*Beidh aon chonradh ag brath ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a bheith agat ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

Beidh cearta saoil trasardáin ar fud an domhain ag TG4 ar an ábhar seo.

*An tAcht um Shaoráil Faisnéise: Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfaí faisnéis a chuirtear ar fáil a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba cheart d'iarrthóirí aird a tharraingt ar aon fhaisnéis íogair (más ann di) agus an chúis go bhfuil an fhaisnéis sin íogair a thabhairt le fios. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh oibleagáid ar TG4 faisnéis a eisiúint, fiú má mheasann an t-iarrthóir go bhfuil sí íogair agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conradh ná aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*